Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2018
(OR. en)

14069/18

LIMITE

AGRI 532
AGRIORG 98
AGRISTR 86
AGRIFIN 124
AGRILEG 194
CODEC 1943
CADREFIN 338

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9634/18 + COR 1 + ADD 1<br>9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach.<br>*- Ullmhú dhíospóireacht na Comhairle* |

1. Foráiltear le Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an19-20 Samhain do dhíospóireacht beartais maidir le dhá cheann de na tograí le haghaidh athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020, i.e. an Rialachán Cothrománach nua atá beartaithe agus an Rialachán nua maidir le comheagrú na margaí (CMT) atá beartaithe.

2. Tá an Uachtaránacht tar éis dhá thuarascáil uachtaránachta a chur le chéile ar an scrúdú a rinneadh ar an dá thogra sin ag comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, ar féidir teacht orthu i ndoiciméad 13730/18 (don Rialachán Cothrománach) agus i ndoiciméad 14012/18 (don Rialachán CMO[1]).

3. Ar mhaithe leis an díospóireacht bheartais sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 19-20 a stiúradh, tá an dá cheist thíos curtha le chéile ag an Uachtaránacht agus cuirfear iad faoi bhráid na n-airí.

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht plé a dhéanamh ar oiriúnacht na gceisteanna a moladh agus iad a fhormhuiniú i ndáil leis an Rialachán Cothrománach agus an Rialachán maidir le CMT d'fhonn an díospóireacht bheartais sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 19-20 Samhain a stiúradh.

5. **Eolas cúlra agus ceist faoin Rialachán Cothrománach atá beartaithe:**

Agus cur síos á dhéanamh ar an gcreat rialála atá beartaithe don talmhaíocht tar éis 2020 is minic a luaitear leis coimhdeacht bhreise a thabhairt do na Ballstáit, níos lú maorlathais do lucht riaracháin agus tairbhithe, rialacha níos simplí gan oiread mionsonraithe, níos lú seiceálacha agus rialuithe. Mar is léir, áfach, ó thuairimí na dtoscaireachtaí (féach doic. 13730/18), tá roinnt ceisteanna fós ann, *inter alia*, sonraí faoin gcúlchiste talmhaíochta, na próisis d'imréiteach feidhmíochta bliantúil agus íocaíochtaí a laghdú nó a chur ar fionraí, na rialacha maidir le laghdú líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí rialachais i gcoitinne.

6. Sa Rialachán Cothrománach nua beidh na rialacha a gcaithfidh na Ballstáit aird a thabhairt orthu agus iad a chur i bhfeidhm maidir le maoiniú iomchuí, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar CBT nua. Beidh tionchar ag samhail seachadta agus módúlachtaí nua ar Phleananna Straitéiseacha faoi CBT faoi mar a chomhlánaíonn comhlachtaí rialachais na mBallstát na cúraimí a fágadh fúthu mar a shainmhínítear sa Rialachán Cothrománach.

---

[1] Ar an 6 Samhain rinne an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) plé ar an tuarascáil ar dhul chun cinn chomheagrú na margaí mar a leagadh amach é i ndoiciméad 13578/18. Rinne an CST plé ar thrí cheist a moladh sa tuarascáil agus chuir sé treoir ar fáil don phlé a lean ar aghaidh sa mheitheal um tháirgí talmhaíochta.

7. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrtar ar na hAirí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a leanas san idirghabháil uathu:

***Cad iad bhur dtuairimí faoi na himpleachtaí a bhaineann le glacadh an Rialacháin Chothrománaigh atá beartaithe do shamhail seachadta CBT nua laistigh de Phleananna Straitéiseacha faoi CBT, go háirithe maidir leis na freagrachtaí breise a thuigtear a bheidh ar na comhlachtaí náisiúnta, amhail gníomhaireachtaí agus comhlachtaí deimhniúcháin a íoc? An gcreideann sibh go mbeidh bainistiú níos éifeachtaí ar CBT mar thoradh ar an imréiteach feidhmíochta bliantúil atá beartaithe?***

8. **Eolas cúlra agus ceist faoin Rialachán CMT atá beartaithe:**

Le blianta beaga anuas, tá na margaí talmhaíochta Eorpacha gafa trí roinnt anachana amhail toirmeasc na Rúise agus an farasbarr soláthair a bhain leis, mar a mhéadaigh luaineacht praghsanna tar éis dheireadh na gcuótaí déiríochta, ráigeanna de ghalair éagsúla a bhris amach amhail fiabhras Afracach na muc agus drochdhálaí aimsire a tharla mar thoradh ar athruithe aeráide nach bhfacthas a leithéid cheana. Triaileadh Rialachán CMT go minic le blianta beaga anuas agus caitheadh freagairt do mhíchothromaíochtaí éagsúla sa mhargadh chomh maith le tacaíocht shuaithinseach a sholáthar in earnálacha difriúla. Tar éis comhordú leis na Ballstáit, d'éirigh leis an gCoimisiún, úsáid a bhaint as na hionstraimí margaidh atá ann cheana ar bhealach solúbtha.

9. Sa bhliain 2017, i gcomhthéacs an Rialacháin Omnibus, mar a thugtar air, arb é is aidhm dó seasamh feirmeoirí sa bhiashlabhra a shimpliú agus a threisiú, leasaíodh roinnt de na rialacha maidir le CEM, eadhon i réimse eagraíochtaí táirgeoirí, bearta géarchéime, agus dlí iomaíochta. Níl fiú bliain amháin ann ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin Omnibus, mar sin tá sé an-luath measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na leasuithe sin.

10. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrtar ar na hAirí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a leanas san idirghabháil uathu:

***Cad é bhur mbarúil ar na bearta tacaíochta don mhargadh atá ann faoi láthair agus a n-éifeachtacht le blianta beaga anuas? An gceapann sibh go bhfuil na hionstraimí margaidh atá ar fáil faoi láthair leordhóthanach chun freagairt ar bhealach solúbtha agus tráthúil ar ghéarchéim mhargaidh nó an gceapann sibh gur gá bailchríoch a chur ar na hionstraimí atá ann cheana chun feabhas a chur ar a gcuid imoibríochta agus solúbthachta?***